# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 2

## Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh gach bliain.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne, agus ar dheontais a íoc.

Cuirtear toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair caiteachais don bhliain.

Dlitear barrachas de €4.446 milliún a gheilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasuithe a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorclán 20 de 2024, i bhfeidhm in ullmhú an chuntais. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas***

Déantar dímheas reádmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta ar mhóraicmí sócmhainní:

| *Aicme sócmhainní* | *ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|
| Trealamh oifige agus TF | 20% thar 5 bliana |
| Troscán agus feistis | 10% thar 10 mbliana |
| Mórchórais bogearraí oibriúcháin TF | 10% thar 10 mbliana |
| Bogearraí faighte/forbartha | Amúchta thar shaolré úsáideach na sócmhainne |

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmhéanaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil chomh maith. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, atá mar chuid den Roinn Dlí agus Cirt, próiseáil idirbheart airgeadais ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte maidir le hacmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Áirne go bhfeidhmítear na rialuithe cuí chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Tá córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaofa i gcomhpháirt agam agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar de na tuarascálacha ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí go léir agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. B'ionann an caiteachas ar earraí, agus ar sheirbhísí gairmiúla agus eile ar chonradh agus €11.164 milliún san iomlán in 2024.

Tá sonraí curtha ar fáil ag an Roinn faoi chonradh neamhiomaíoch amháin de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) arbh fhiú €46,942 é (gan CBL san áireamh).

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus sainaithníodh, measúnaíodh agus grádaíodh iad de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú i gcomhairle le bainistíocht shinsearach na Roinne. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'aonaid ghnó ar leith a mhaolú.

Is buanmhír í bainistíocht riosca ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne freisin.

Tá an próiseas Measúnaithe Riosca Náisiúnta bliantúil, arna mhaoirsiú ag Roinn an Taoisigh, i bhfeidhm freisin agus tugann sé deis rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a aithint agus a phlé. Leagtar amach sa Mheasúnú Náisiúnta Riosca na rioscaí geopholaitiúil, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta is suntasaí atá roimh an tír. Foilsíodh an Measúnú Riosca Náisiúnta is déanaí in 2024.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 2 Roinn an Taoisigh
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Lunasa 2025

## Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

## Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais*

Maidir le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | Soláthar sna meastacháin | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 38,761 | 34,284 | 34,626 |
| **Ollchaiteachas** | | **38,761** | **34,284** | **34,626** |
| *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasuithe-i-gCabhair** | **841** | **810** | **736** |
| **Glanchaiteachas** | | **37,920** | **33,474** | **33,890** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,446,021** | **4,855,886** |

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 8,090 | 11,140 |
| Pá | | 20,795 | 18,780 |
| Neamhphá | | 5,399 | 4,706 |
| **Ollchaiteachas** | | **34,284** | **34,626** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasuithe-i-gCabhair** | | **810** | **736** |
| **Glanchaiteachas** | | **33,474** | **33,890** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealaimh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Dímheas | 21 | | |
| | | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Amúchadh | 106 | | |
| | | 127 | 173 |
| **Athruithe i nglan (dliteanais)/sócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 44 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 601 | | |
| | | 645 | 342 |
| **Caiteachas díreach** | | **34,246** | **34,405** |
| | | | |
| **Caiteachas a thabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,001 | 5,077 |
| Cíosanna barúla | | 1,517 | 1,517 |
| **Glanchostas cláir** | | **41,764** | **40,999** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i nglanmhéid caiteachais na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a thabhaíodh in áit eile.

| | | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10 | 10 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 4,046 | 3,570 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 856 | 545 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 26 | 29 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 506 | 262 |
| Vóta 24 | Ceartas | 60 | 61 |
| Vóta 36 | An Roinn Cosanta | 96 | 89 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais | 26 | 51 |
| An Lárchiste – Pinsin an Taoisigh agus an Aire | | 375 | 460 |
| | | **6,001** | **5,077** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 30 | 51 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 137 | 243 |
| | | **167** | **294** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | — | 911 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 2.4 | 562 | 606 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 455 | 48 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 517 | — |
| | | **1,534** | **1,565** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 295 | — |
| Costais fabhraithe | 2.6 | 1,460 | 859 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 677 | 694 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | — | 265 |
| | | **2,432** | **1,818** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(898)** | **(253)** |
| **Glan (dliteanais)/sócmhainní** | | **(731)** | **41** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniúcháin an stáit** | 2.9 | **(731)** | **41** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 382 | 104 | 486 |
| Suimeanna Breise | — | — | — |
| Diúscairtí | (13) | — | (13) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 369 | 104 | 473 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 338 | 97 | 435 |
| Dímheas don bhliain | 19 | 2 | 21 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (13) | — | (13) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 344 | 99 | 443 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **25** | **5** | **30** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 44 | 7 | 51 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 531 | 531 |
| Suimeanna Breise | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 531 | 531 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 288 | 288 |
| Amúchadh don bhliain | 106 | 106 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 394 | 394 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **137** | **137** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 243 | 243 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | (294) | 911 |
| Iarmhéid cuntais bainc eile | (1) | — |
| | **(295)** | **911** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí TFC | 491 | 548 |
| Réamhíocaíochtaí cláir | 2 | 8 |
| Réamhíocaíochtaí riaracháin eile | 69 | 50 |
| | **562** | **606** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas pas taistil inaisíoctha | 33 | 43 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 422 | 5 |
| | **455** | **48** |

## 2.6 Speansais fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe cláir | 81 | 325 |
| Fabhruithe riaracháin | 171 | 534 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 1,208 | — |
| | **1,460** | **859** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasanna eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 348 | 352 |
| Coinníollacha ranníocaíochta árachais shóisialta | 179 | 171 |
| Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach | 6 | 20 |
| Cáin bhreisluacha | 2 | — |
| | 535 | 543 |
| **Fionraí** | | |
| Asbhaintí párolla | 142 | 151 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | — | — |
| | 142 | 151 |
| | **677** | **694** |

## 2.8 Maoiniúchán an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 4,446 | 4,856 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (4,963) | (4,591) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(517)** | **265** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 911 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 455 | 48 |
| | 455 | 959 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (295) | — |
| Dlite don Stát | (535) | (543) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (142) | (151) |
| | (972) | (694) |
| | **(517)** | **265** |

## 2.9 Cuntas maoiniúcháin an Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 41 | 624 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 37,920 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,446) | | |
| Vóta glan | | | 33,474 | 33,890 |
| Caiteachas a thabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 6,001 | 5,077 |
| Míreanna neamhairgid tirim: Cíos barúlach | 1 | | 1,517 | 1,449 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (41,764) | (40,999) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **(731)** | **41** |

## 2.10 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceanglais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | **12** | **68** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasach

Tugadh faoi deara cás Ard-Chúirte, a bhain le hiarratas ar rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil, mar dhliteanas teagmhasach ar chuntas leithreasa 2022 agus 2023. Thug an Ard-Chúirt breithiúnas críochnaitheach ar an gcás seo i mí na Nollag 2024 maidir le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Faoi réir éisteachta breise maidir le dáileadh costas, is dócha go mbeidh ar an Roinn cuid de chostais dlí an iarratasóra a íoc le linn 2025.

Tá cás Ard-Chúirte ar siúl a bhaineann le hiarratas ar imscrúdú poiblí ar imthosca bhásanna daoine i dtithe cúraim le linn na paindéime, rud a d’fhéadfadh, dá gcríochnófaí an cás in 2025, go n-íocfadh an Roinn cuid de chostais dlí na hiarratasóirí.

Ní féidir aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha a mheas ag an am seo.

## 2.12 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar chomhardú mhaoinithe an Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (564) |
| Fabhrú saoire [a] | (644) |
| | **(1,208)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachais riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos curtha san áireamh i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 21,052 | 20,795 | 18,780 |
| ii | Taisteal agus cothú | 730 | 600 | 581 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 250 | 180 | 2,054 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúla | 1,937 | 2,044 | 299 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | 1,510 | 1,598 | 1,257 |
| vi | Costais áitribh | 522 | 558 | 515 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | 818 | 417 | — |
| | | **26,819** | **26,192** | **23,486** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-chinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fochinn riaracháin a nuachóiriú thar chuntais vótáilte. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

**Athrúcháin suntasacha**

Imlíníonn an nóta seo na cúiseanna atá le hathrúcháin suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar sna meastacháin €818,000; toradh €417,000*

Tharla an coigilteas caiteachais de €401,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar níos lú caiteachais ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith tabhaithe ar sheirbhísí comhairleoireachta.

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 21,052 | 20,795 | 18,780 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 5,767 | 5,399 | 4,706 |
| A.3 | An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach | 2,499 | 2,393 | 2,355 |
| A.4 | Bínsí fiosrúcháin | 3,310 | 3,310 | 799 |
| A.5 | Coimisiúin imscrúdaithe | 3,678 | 2,042 | 6,097 |
| A.6 | Tionól saoránach | 1,547 | 329 | 1,889 |
| A.7 | Próiseas athbhreithnithe paindéime | 908 | 16 | — |
| | | **38,761** | **34,284** | **34,626** |

**Athrúcháin suntasacha**

Imlíníonn an méid seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.5 Coimisiúin imscrúdaithe**

*Soláthar sna meastacháin €3.678 milliún; toradh €2.042 milliún*

Tá coimisiúin imscrúdaithe neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais agus ceanglais a n-imscrúdaithe ar an gcéad dul síos. Tharla an coigilteas caiteachais de €1.636 milliún i gcomparáid leis an bhforáil meastacháin mar gheall ar líon níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis na héilimh ar chostais dlí a socraíodh in 2024. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí arna ndámhachtain ag na Coimisiúin, agus ní féidir a thuar cén uair a thiteann socraíochtaí costas tríú páirtí le híoc.

**A.6 Tionól saoránach**

*Soláthar sna meastacháin €1.547 milliún; toradh €329,000*

Faoin gclár seo, tá gá le cinneadh Rialtais agus rún ón Dáil agus ón Seanad chun gach tionól saoránach a bhunú. Ní raibh aon chinneadh ná rún ag an Rialtas ar an Dáil agus ar an Seanad ag tabhairt éifeacht do thionól saoránach nua a bhunú nuair a chríochnaigh an Tionól Saoránach faoi Úsáid Drugaí a chlár oibre. Bhí coigilteas caiteachais de €1.218 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin.

**A.7 Próiseas athbhreithnithe paindéime**

*Soláthar sna meastacháin €908,000; toradh €16,000*

Ba é ba chúis leis an gcoigilteas caiteachas €892,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin ná go raibh gá le cinneadh Rialtais chun Meastóireacht Covid-19 a bhunú. Glacadh an cinneadh seo i R4 2024, rud a d’fhág go raibh caiteachas i bhfad níos ísle ná mar a ceapadh faoin gclár seo in 2024.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasuithe-i-gCabhair | 50 | 50 | 17 |
| 2 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair | 790 | 760 | 719 |
| 3 | Ilghnéitheach | 1 | — | — |
| | | **841** | **810** | **736** |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 91 | 96 |
| Fáltais ó shealbhóirí oifige géilleadh tuarastail deonach | 80 | 91 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (91) | (96) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **80** | **91** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Roinn | 253 | 251 |
| Gníomhaireachtaí – An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach | 17 | 17 |
| | **270** | **268** |

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 18,582 | 17,155 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 385 | 406 |
| Ragobair | 402 | 450 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,631 | 1,474 |
| Pá téarfa [a] | 396 | 161 |
| **Pá iomlán [b]** | **21,396** | **19,646** |

**Luach saothair fhoireann Ghníomhaireachta**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,549 | 1,501 |
| ÁSPC an Fhostóra | 164 | 152 |
| **Pá iomlán** | **1,713** | **1,653** |

Nóta [a] Féach nóta 5.7 le haghaidh míniú

[b] Áirítear le figiúr pá iomlán na Roinne pá i leith fhoireann an Choimisiúin Imscrúdaithe, an Tionóil Saoránach, Meastóireacht Covid-19 agus an Bhinse Fiosrúcháin

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 43 | 17 | 42,138 | 38,396 |
| Ragobair | 91 | 9 | 32,348 | 32,273 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 18 | 11 | 33,753 | 42,423 |

## 5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Is iad seo a leanas líon na bhfostaithe Roinne ar thit a sochar iomlán fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan costais phinsin fostóra ÁSPC fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 151 | 148 |
| 60,000 | 69,999 | 25 | 24 |
| 70,000 | 79,999 | 21 | 13 |
| 80,000 | 89,999 | 13 | 18 |
| 90,000 | 99,999 | 15 | 19 |
| 100,000 | 109,999 | 14 | 12 |
| 110,000 | 119,999 | 9 | 7 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 4 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | 2 |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 2 | 6 |
| 170,000 | 179,999 | 4 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | 4 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | — |
| 240,000 | 249,999 | — | 1 |
| 250,000 | 259,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 252 | 245 |
| | **252** | **245** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim pinsin neamhranníocach do státseirbhísigh seanbhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí i leith sochar scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.6 Socruithe luach saothair eile

Athfhruilíodh státseirbhíseach amháin ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €4,550. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €29,681 maidir le sochair scoir comhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

Áiríonn an cuntas seo caiteachas €123,836 i leith oifigigh amháin a bhí ag obair lasmuigh den Roinn ar feadh 2024 ar fad nó cuid de agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

Ní áiríonn an cuntas seo caiteachas i leith triúr oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn do 2024 ar fad nó cuid de i ranna/oifigí Rialtais eile agus nár aisíoc an Roinn a dtuarastail.

### 5.7 Téarfa agus iomarcaíocht

I rith 2024, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €77,232 le hochtar ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht agus íocaíochtaí téarfa arbh fhiú €396,415 iad.

### 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 14 | 19,863 | 18,690 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 6 | 6,822 | 10,263 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún feidhme seasta | Bliain ceaptha | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2024 | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Bínse Fiosrúcháin [a] | 1997 | 71,447 | 3,310 | 799 |
| An Coimisiún Imscrúdaithe (Cregan) [b] | 2015 | 18,422 | 698 | 4,712 |
| An Coimisiún Imscrúdaithe (Cooke) [c] | 2017 | 7,738 | 1,344 | 1,385 |
| | | | **5,352** | **6,896** |

Nóta

[a] Beidh íocaíochtaí breise bainteach leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdaithe (Cregan) le hidirbhearta áirithe a dhéanann an Corparáid Éireannach um Réiteach Banc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdaithe (Cooke) le díol a phunann Project Eagle ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

### 6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas suim €12,274, a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena gcur i láthair ag an Taoiseach agus ag na hAirí Stáit nó thar a gceann in 2024 (2023: €9,528).

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn/Oifig sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Baill an phobail** | **2024** | **2023** |
| Líon na gcásanna | - | 8 | 8 | 7 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí ag an Roinn/thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — | — |
| Costais dlí | — | 3,862 | 3,862 | 4,839 |
| **2024 Iomlán [a]** | **—** | **3,862** | **3,862** | **—** |
| 2023 Iomlán | — | 4,839 | — | 4,839 |

Nóta [a] In 2024, bhain ocht n-íocaíocht as costais tríú páirtí le daoine den phobal a bhaineann le Coimisiún Imscrúdaithe Cregan agus le Binse Fiosrúcháin Moriarty.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2024**

| | Éilimh ag | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Baill an phobail** | |
| Líon na gcásanna | — | 8 | 8 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí ag an Roinn/thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | — | — | — |
| Costais dlí | — | 3,862 | 3,862 |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | **—** | **3,862** | **3,862** |